

Ó ÁRD UÍ bhFICHEALLAIGH GO SANTIAGO DE COMPOSTELLA/FINISTERRA

Turas i gcoiscéimeanna oilithreach le míle bliain anuas

Traolach Ó Donnabháin



Réamhrá

I ndiaidh bhás Chríost, scaip na Deisceabail go háiteanna difriúla ar fud an domhain chun an soiscéal a scaipeadh, mar a insíodh dóibh. Chuaigh Séamus Mór (mac Zebedee, deartháir Eoin agus col ceathar Chríost) go dtí an Spáinn, áit ar chaith sé cúpla bliain ag scaipeadh an chreidimh i measc an phobail. D’fhill sé ar Iarusailéim, áit ar cuireadh chun báis é ag Rí Herod in AD 44. Deirtear gur thóg a lucht leanúna a chorp ó Jaffa ar ais go dtí an Spáinn ar bord loinge. Thángadar i dtír ar chósta Galicia, cóngarach do Santiago de Compostella an lae inniu agus adhlacadh é ansin. Nochtadh a thuama san naoú aois agus fógraíodh Naomh Séamus mar naomhphátrún na Spáinne ag Alfonso II (Rí Asturias). Thóg sé eaglais agus mainistir bheag in omós don naomh agus diaidh ar ndiaidh, d’fhás baile mórthimpeall orthu. Tugadh ‘Campus de la Stella’ (Gort na Réalta) ar an mbaile: Santiago de Compostella an lae inniu.

Craobhscaoileadh an nuacht faoi nochtadh an tuama go tapaidh ina dhiaidh agus bunaíodh oilithrecht don scrín go luath. Rinne daoine an oilithrecht de bharr cúiseanna éagsúla – mar chomhartha creidimh, mar shlí phionóis,

chun leorgníomh a dhéanamh i gcoir, chun aithrí a dhéanamh i bpeacaí nó go simplí, mar shlí chun sos a thógaint ó chúramaí an tsaol.

Bealaí Oilthreachta go Santiago

Le himeacht aimsire, bunaíodh bealaí oilthreachta éagsúla. Sa bFrainc, mar shampla, bunaíodh ceithre cinn; tháinig na bealaí le chéile ag Sléibhte na bPiréin agus leanadar ar aghaidh, trí thuaisceart na Spáinne mar an Camino Santiago. Bunaíodh bealaí eile ó dheisceart na Spáinne, ón bPortaingéil, ón nGearmáin, srl (Fig. 1).



Fig. 1: Bealaí oilthreachta éagsúla tríd an bFrainc agus an Spáinn go Santiago de Compostella línithe ó Raju, A. 2010. *A Cicero Guide: The way of Saint James, France*. Cumbria.

Bhíodh oilithrigh ón ndúthaigh thart ar Chloch na gCoillte in Iarthar Chorcaí, ag taisteal go Santiago ón ndeichiú aois.¹ Shiúladar tríd an mBreatain, an bFrainc agus an Spáinn nó chuadar ar bord loinge go La Coruna in iarthuaisceart na Spáinne agus shiúladar ón áit sin go Santiago. Bhíodar i mbaol i gcónaí ó thóraithe agus ainmhithe fáine. Tar éis do chlann de Barra socrú síos in iar-deisceart Chorcaí i ndiaidh ionradh na Normannach in AD 1169, leanadar leis an oilithreacht go Santiago. Tá sé ráite gur cailleadh long sa chúigiú aois déag ar an slí ar ais ó La Coruna go hIarthar Chorcaí.² I measc na ndaoine a cailleadh, bhí oidhre don teideal de Barra. Lean conspóid idir brainsí éagsúla chlann de Barra dá bharr.

Ag druidim le deireadh na hochtú aoise déag agus maolú ar na pléindlithe in Éirinn, thosnaigh an Eaglais Chaitliceach ag bunú a struchtúr paróistí. Tugadh Paróiste Naoimh Shéamuis ar an bparóiste in Árd Uí bhFicheallaigh, taobh amuigh de Chloch na gCoillte, in omós don traidisiún oilithreachta ón ndúthaigh máguaird go Santiago de Compostella. Tógadh an chéad eaglais Pharóiste Naoimh Shéamuis sna 1830s. Tá tobar naofa Naoimh Shéamuis san paróiste, áit a léitear aifreann bliantúil ar an Domhnach is cóngaraí don 25 Iúil, lá fhéile oifigiúil Naoimh Shéamuis. Nuair a deineadh ath-dheisiúchán ar an dtobar i 1988, fuarthas sean-chloch leis an ainm Naomh Séamus agus an bhliain 1835 scríobtha air. Tá an t-ainm Naomh Séamus in úsáid go forleathan mórthimpeall Árd Uí bhFicheallaigh sa lá atá inniu ann: cumann peile/iománaíochta agus páirc imeartha Naoimh Shéamuis mar shampla.

Mo Oilithreacht Féin

Ba mhór an chuid suime an traidisiún spioradálta is stairiúil sin dom le tamall. Idir 2007 agus 2010, im' aonar do chuid de, agus le cúpla compánach do chuid eile, thógas an deis Slí Naoimh Shéamuis (Via Podensis/Chemin St Jacques/Camino de Compostella) a shiúl ó Le Puy-en-Velay in oir-dheisceart na Fraince go dtí St Jean Pied-du-Port i Sléibhte na bPiréin, as san go Santiago de Compostella agus ar aghaidh go Finisterre ar chósta thiar na Spáinne. Shiúlas ó Thobar Naoimh Shéamuis in Árd Uí bhFicheallaigh go hAerphort Chorcaí mar thús don slí oilithreachta. Turas thart timpeall 2000 ciliméadar ar fad ó cheann ceann! Thugas faoin slí oilithreachta ar bhonn dhá chúis: an sean thraidisiún spioradálta agus stairiúil seo agus an dúshlán fisiciúil de bheith

ag siúlóid suas le 800 ciliméadar le chéile, lá i ndiaidh lae, ag iompar mo ghabhátais shaolta uile ar mo dhroim, a eispeiriú.

I mí Meán Fómhair 2007, críochnaíodh an chéad rannóg de Shlí Naomh Shéamuis ó thobar Árd Uí bhFicheallaigh go hAerphort Chorcaí agus ar agaidh ó Le Puy-en Velay go cathair Cahors (c. 350 ciliméadar). I 2008, críochnaíodh an focheantar ó Cahors go St Pied-du-Port (c. 500 ciliméadar), i 2009, ó St Jean Pied-du-Port go Burgos (500 ciliméadar) agus i 2010, an focheantar deireanach ó Burgos go Santiago de Compostella agus ar aghaidh go Finisterre (600 ciliméadar).

Rannóg I: Árd Uí bhFicheallaigh go Cahors an Fraince

D'fhágas Tobar Naoimh Shéamuis ar a 10 r.n. ar 6 Meán Fómhair 2007. Bhailigh thart ar deichniúr paróisteach agus seisear ball de Chumann Sléibhteoireachta Chloch na gCoillte le chéile chun slán a fhágáil liom (Fig. 2). Líonas buidéal le huisce ón dtobar agus bhailíos roinnt clocha beaga sa mhórthimpeallacht. Thug daoine cúpla cloch phearsanta dom chomh maith. De réir traidisiúin stairiúil áitiúil, má iompraítear clocha achainí pearsanta (*personal petition stones*) ar an slí oilithreachta go huaimh Naoimh Shéamuis, faoin ard-altóir san ardeaglais i Santiago de Compostella, go bhfaightear faoiseamh ó dheacracht phearsanta éigin, dá bharr. Im' mhála droime, d'iompraíos an brat náisiúnta, brat Chorcaí agus brat Chloch na gCoillte.

Shiúlas na cúlhbhóithre go hAerphort Chorcaí. Thógas eitleán go Lyon na Fraince agus traein go Le Puy-en Velay. Cheannaíos sliogán muirín (*scallop shell*), suaithéantas idirnáisiúnta an Camino (Fig. 3), agus cuireadh an chéad stampa ar mo phas-leabhar oilithrigh (*pilgrim passport*) san ardeaglais; bronnar teastas oilithrigh ag an deireadh i Santiago de bharr an pas-leabhar a bheith brúite feadh na slí. An mhaidin ina dhiaidh, tar éis aifrinne agus beannacht na noilithreach, thosnaíos amach ar an mbóthar go Santiago de Compostella.

Do bheartaíos roimh ré, dá mbfhéidir, bheith eirithe ar maidin ar a 7 r.n., bricfeasta ite, mála droime pacáilte, lón agus uisce don lá san áireamh, agus réidh le tosnú ag siúl ar a 8 r.n. Do shiúlas 32 ciliméadar ar an meán, thar tréimhse naoi nuair an chloig i rith an lae, le cúpla sos san áireamh. D'fhanas don chuid is mó i dtithe lóistín simplí do na hoilithrigh. Uaireanta eile d'fhanas



Fig. 2: Ag tosnú amach ar an gCamino de Santiago i 2007 ag Tobar Naoimh Shéamuis, Árd Uí bhFicheallaigh.

i sean mhainistir nó clochar a bhí athraithe d’oilithrigh, cuid acu fós i seilbh na mbráthar nó na mban rialta. Chodlaíos uair amháin in eaglais, faoin altóir. Chun traidisiún spioradálta an Camino a eispeiriú, d’éistean le haifreann na n-oilithreach i bpé áit a raibh a leithéid ar fáil sa tráthnóna, nó thugas cuairt ar eaglaisí ar an slí.

Chaitheas an chéad cúpla lá de Shlí Naoimh Shéamuis i réigiún bolcánach Velay, in iar-dheisceart na Fraince, ag dreapadh in airde 1200 méadar d’ardchlár oscailte Aubrac. Thuas ar bharr an ardchláir oscailte, le ceo tiubh timpeall orm, thit an léargas chomh híseal le cúpla méadar. I suíomh mar sin, caithfear bheith fíor-chúramach na comharthaí bealaigh a leanúint, ionas ná raghfá ar strae, go mór-mhór agus duine ina aonar. Fiú le m’éadaí uiscdhíonacha orm, bhíos fuar agus fliuch. Feirmeoireacht bhó le roinnt talamh curaíochta a bhí ar siúl anseo. Áit iargúlta ab ea é.

I ndiaidh chlochán Aubrac, d’aistrigh an tírdhreach ina iomláine. D’ísligh mé trí fhothar doimhin, choill dhlúth agus ghleann abhainn an Lot, agus leanas ar aghaidh trí ardchlár aolchloch go cathair Cahors. Bhíos anois i limistéar álainn tuathúil – limistéar d’eallach mairteola le talamh féaraigh agus coillte.



Fig. 3: Mo shliogán muirín a d'iompraíos ó Le Puy-en-Valay go Finisterre.

Tháinig feabhas mór ar an aimsir chomh maith – laethanta breátha gréine leis an meán-teocht thart ar 25° C don chuid is mó. Rud suimiúil a bhraitheas ó thús na slí oilithreachta ná an t-easpa ainmhithe nó éin fhiáine. Thuigeas níos déanaí san turas gurb é an modh feirmeoireachta a cleachtadh ba chúis leis sin. Níorbh fhéidir leis na héin nó na hainmhithe maireachtaint gan chlaí nó fál sceach sna feirmeacha móra oscailte.

Níl an rannóg seo den slí oilithreachta, an Chemin St Jacques, chomh coitianta leis an rannóg ó St Jean Pied-du-Port go Santiago de Compostella, an Camino Santiago, de réir cosúlachta. Ó Le Puy-en-Velay go Cahors, nírbhuaileas ach le scata beag d'oilithrigh eile. Ar an mbealach isteach don mbaile Espalion, tháingas ar bhord lán de bhia, deochanna agus torthaí, a chuir duine áitiúil éigin amach do oilithrigh. Chonaiceas an-chuid samplaí eile den traidisiún stairiúil sin ar an slí.

Chaitheas tréimhse ghairid san bhaile Conques – baile iontach traidisiúnta le foirgnimh chloiche agus sráideanna de chlocha duirlinge, tógtha ar thaobh chnoic ghéir. Is láithreán oidhreachtá é an baile ar fad. D’ófráileas cúpla paidir san ardeaglais iontach Sainte-Foy ann. Don 15 ciliméadar deireanach go Cahors, leanann an Chemin St Jacques sean-bhóthar caol díreach Rómhánach, don chuid is mó. Ar an ísleán deireanach don chathair, bhí radharc iontach thar abhainn an Lot, na sean-dhroichid trasna na habhann, an sean-bhaile san lár, srl.

D’fhanas i dteach lóistín oilithrigh traidisiúnta, an Gîte des Relais des Jacobins i lár na cathrach agus chaitheas lá ag siúlóid thart timpeall. Tá Cahors tógtha ar chaol talún, le habhainn na Lot thart timpeall ar thrí thaobh de agus trí dhroichead traidisiúnta ag trasnú na habhann. Shiúlas trasna an Pont Valentré, droichead iontach de chlocha ón aonú aois déag agus dhreapas suas ar Mt St Cyr, le radharc álainn thar an gcathair agus an mórthimpeallacht. Chaitheas tréimhse i lár na sean-chathrach, i measc na sean-fhoirgneamh agus sráideanna cloiche agus d’fhreastalaíos ar aifreann agus beannacht na n-oilithreach in Ardeaglais St Etienne sa tráthnóna. Fuaireas stampa ar mo phas-leabhar oilithrigh chomh maith. Thar n-ais san *gîte* lóistín, ag am dinnéir, bhuaileas le fear ón Astráil, in aois dó seachtó a dó bliain, ina aonar, ag siúl an Camino Santiago, in aon turas amháin a mhairfeadh thart ar trí mhí. Ní raibh focal Fraincise nó Spáinnise aige! An lá ina dhiaidh, thógas traein go Toulouse agus eitleán ar ais go Corcaigh trí Stanstead na Breataine.

Rannóg 2: Cahors go St Jean Pied-du-Port na Fraince

Ar 24 Lúnasa 2008, ar ais i Toulouse na Fraince arís, bhuaileas le colceathar liom, Fionbarra Ó Cróinín ó Chathair Chorcaí ó dhúchas, agus thógamar traein go Cahors. D’fhanamar arís san Gîte des Relais des Jacobins thar oíche agus an mhaidin ina dhiaidh, bhualamar bóthar go St Jean Pied-du-Port. I ndiaidh Cahors, téann an tslí trí shean-réigiún Armagnac, clúiteach ó thaobh an bhranda de, limistéar fairsing de ghoirt arbhair, lusanna na gréine agus barra eile. Bhí lá fada siúlóide againn faoi theas na gréine go baile Moissac. Ar a 8 i.n., tar éis thart ar 40 ciliméadar a bheith siúlta againn, bhí tuirse orainn agus cosa tinne againn. Rinneamar cinneadh, gaoch ar *gîte* lóistín agus iarraidh ar an úinéir tacsáí a ghlaoch dúinn. I ndiaidh dom mo chuid Fraincise teoranta

a bheith úsáidte, tháinig freagra ar ais chugam, i nguth breá Bleá Cliathach, ‘*Sure, I suppose I can’t let ye down*’. Tharla sé, tar éis an Camino a bheith síulta ag Rom agus Aideen Bates roinnt blianta roimhe sin, go ndearnadar cinneadh an *rat-race* in Éirinn a thréigint, a dteach a dhíol agus an sean-gîte d’étape Ultreia i Moissac a cheannach. I mbaile Lectoure agus i roinnt mbailte beaga eile, d’fhanamar i dtithe lóistín (*gîtes*) ina raibh na húinéirí tar éis an domhan ábharach a thréigint, i ndiaidh an Camino a bheith déanta acu agus a bhí anois ag soláthar lóistín d’oilithrigh.

D’fhanamar i dtithe feirme i Miramont-Sensacq, Lichos agus áiteanna eile chomh maith, a bhí athraithe mar thithe lóistín d’oilithrigh. Daoine iontacha cabhracha ab ea iad siúd! San *gîte* álainn La Arroucasses, taobh amuigh de Lamorieu, bhuaileamar le hoilithrigh ón bFrainc, ón nGearmáin, ón Ísiltír agus triúr ó Chúige Uladh. Bhí an-díospóireacht eadrainn an tráthnóna úd.

Cúpla lá ina dhiaidh, shroicheadar an Gîte Chez Mathieu i Manciet - sean teach traidisiúnta báicéireachta álainn, a bhí ath-dheisithe ag an úinéir Mathieu mar theach lóistín. Imreoir rugbaí le foireann Pau na Fraince ab ea Mathieu. Nuair a chuala sé gur lucht leanúna fhoireann rugbaí Chúige Mumhan sinn, bhíomar ar muin na muice. Lean an-dhíospóireacht eadrainn, le cabhair ó chúpla buidéal fíona go meán oíche.

Thart ar Aire sur-l’Adour, bhí an talamh cothromach, leagtha amach i bfeirmeacha ollmhóra, le bealaí uisce agus gan claí nó fál sceach le feiscint arís. Shiúlamar ar chosáin trí na mílte acra gráin bhuí a bhí sínte amach go himeall na spéire ar gach taobh dínn. Faoin tráth seo, bhíomar ag druidim níos congaráí do Shléibhte na bPiréin agus d’fhéadfadh an aimsir athrú go tobann, go rialta, dá bharr, ó thréimhsí breatha gréine go stoirmeacha uafásacha báistí, toirneach agus tintreach, go mórmhór san oíche. Thitfeadh an teocht 20° C chomh maith, dá bharr.

I ndiaidh Arzacq, bhuaileamar isteach i roinn na Pyrenees-Atlantique. Eiríonn an réimse talún cnocach anso i dTír na mBascach, i spoir sléibhe na bPiréin agus baile St Jean Pied-du-Port, i gCúige Aquitaine na Fraince. Shiúlamar anois trí dhúthaigh álainn – feirmeacha beaga, claíonna mórthimpeall na ngort, fála sceach ag fás orthu agus flúirse chrann de gach saghas le feiscint. Bhí na hainmhithe agus na héin fhiáine le feiscint agus le cloisint mórthimpeall orainn, dá bharr. Feirmeoireacht mheascaithe a bhí ar

siúl anseo, ba, caoraigh agus grán buí ag fás. Níos cóngaraí do St Jean Pied-du-Port, de réir gach cosúlacht ó na tithe, na clóis agus an innealra feirme, bhí na feirmeoirí áitíula anso saibhir go leor! Ar an slí isteach go St Jean Pied-du-Port, chonaiceamar an Col de Bentarte i bhfad uainn, ard-bhearna sléibhte na bPiréin, a mbeadh orainn a thrasnú san chéad rannóg eile den Camino.

Bhuaileamar isteach go lár sean-bhaile St Jean Pied-du-Port trí Porte Sainte Jacques agus síos Rue de la Citadelle. Is sa bhaile seo, ionad tosaithe oifigiúil an Camino go Santiago, a bhí na céadta oilithreach le feiscint. I ndiaidh paidir san Eglise de Notre Dame agus an stampa oilithrigh san Accueil Saint Jacques, an t-ionad oilithrigh, shíníomar isteach in ár n-ionad lóistín, an Gîte l'Esprit du Chemin. Níos déanaí, chaitheamar tréimhse ags siúl thart timpeall ballaí agus sráideanna an tsean-bhaile. Bhí radharcanna iontacha ar mhórthimpeallacht an bhaile ó na sean-bhallaí. Tigh lóistín álainn ab ea an Gîte l'Esprit du Chemin in únéireacht bheirt ón Ísiltír, a rinne an Camino blianta roimhe sin agus a thóg an cinneadh *gîte* oilithreach a bhunú. Rinne an bheirt an chócaireacht, srl. agus i rith an bhéile, bhuaileamar le daoine ón mBreatain, ón Mór-Roinn, ó Mheiriceá agus fiú ón Seapáin. An mhaidin ina dhiaidh, thógamar traein go Biarritz agus eitleán ar ais go Corcaigh.

Rannóg 3: St Jean Pied-du-Port na Fraince go Burgos na Spáinne

Ar 13 Meán Fómhair 2009, bhuaileas le Fionbarra agus a dheartháir Micheál ag Aerphort Biarritz agus thógamar traein go St Jean Pied-du-Port. Fuaireamar lóistín san Gîte l'Esprit du Chemin, áit a d'fhanamar an bhliain roimhe sin. An mhaidin ina dhiaidh, bhuaileamar bóthar go Burgos na Spáinne. Bhí réimhfháisnéis na haimsire go maith do thrasnú Shléibhte na bPiréin.

Ó St Jean Pied-du-Port ar aghaidh, trasnaíonn an Camino Santiago (a ghlaotar uirthi anois) an t-ard-bhearna sléibhte Col de Bentarte na bPiréin ag 1440 méadar go Cúige Navarra na Spáinne agus leanann sí ar aghaidh trí Rioja, Castille agus Léon go Burgos. Ag deireadh lae fhada i ndiaidh an t-ard-bhearna sléibhte a thrasnú, fuaireamar lóistín i Roncesvelles, i Refuge Sabina, sean-mhainistir álainn, agus aifreann agus beannacht na n-oilithreach in eaglais na mainistreach. Roimh an dinnéar, bhíos ag ligint na scíthe i bfáiltiú an *refuge*, nuair a bhraitheas bean Éireannach i dtrioblóid éigin. Tharla gur thit

a fear céile ag trasnú na bPiréin agus ghortaigh sé a dhroim. Bhí sé sínte ar an úrlár thuas staighre faoin tráth seo. B'as Luimneach an bhean agus Cathair Chorcaí a fear céile. Fad a bhíos ag iarraidh ar an bfáilteoir, im' Fhraincís teoranta, dochtúir a fháil, dúirt fear taobh thiar dinn, *'I'll take ye to hospital'*. Fear ó Thiobraid Árann ab ea é. Thugas cabhair an Corcaíoch a thógaint anuas staighre agus a chur san ghluaisteán. Agus iad ag imeacht don ospidéal, chuala an t-othar á rá, *'I'll never say a bad word about Tipp again'*. Neomat iontach Camino ab ea an eachtra.

Chaitheamar oíche i lár chathair iontach thradisiúnta Rómhánach Pamplona, príomh-chathair Navarra, a bhfuil clú agus cáil uirthi de bhrí Feis Rith na dTarbh. I ndiaidh Estella, bhuaileamar le beirt ó Bhleá Cliath agus fear ó Uí bFaighlí. Ag an Monasterio de Irache, bhlaiseamar fíon saor ó sconna poiblí atá curtha ar fáil ag na bráithre, na Bodegas de Irache, d'oilithrigh, le breis is míle bliain!³

I Navarra agus Rioja, fásann fíonchaora go forleathan ar thaobhanna na gcnoc cré agus aolchloiche. I Logorno, príomh-chathair Chúige La Rioja, bhí an Fiesta de San Mateo, ag comóradh fómhar na bhfíonchaor nua, faoi lán tseoil. D'fhanamar tréimhse i lár na cathrach ag baint taithnimh as roinnt ceoil agus rincí tradisiúnta áitiúla, na damhsóirí gléasta suas in éadaí áille áitiúla. Gan amhras, bhlaiseamar roinnt fíona nua! Taobh amuigh den chathair, bhí fíonghoirt leagtha amach sna céadta acra, ar gach taobh den chosán. Tháingamar trasna oibrítheoirí ag baint na bhfíonchaor nua Rioja. Chaitheadar táthanna fhíonchaor chugainn leis an mbeannacht *Buen Camino*. Níor bhlaiseas a leithéid riamh!

Bhí an *refugio* ag Granon, lonnaithe i gcuid de shean-eaglais, fós in úsáid don aifreann. Bhí fógra i Spáinnis ar an mbosca bronntanais ag an doras a dúirt 'Tabhair an méid gur féidir agus tóg an méid atá riachtanach, más gá'. I ndiaidh béile álainn simplí, chaitheamar tréimhse ag scoraíocht timpeall an bhoird. Bhí oilithrigh ó gach cúinne den domhan i láthair! Níos déanaí, leagamar síos ár máláí codlata faoin altóir agus an lampa taibearnacail (Fig. 4). Chodlaíomar go sámh an oíche sin, gan amhras! Eachtra iontach spioradálta oilithreachta ab ea é.

Leanann an Camino abhainn an Rio Ebro trí cheartlár na Spáinne, idir an Sierra de la Demanda ó dheas agus an Sierra Cantabria ó thuaidh. Thrasnaíomar



Fig. 4: Mo mhála codlata faoin altóir agus an lampa taibearnacail san sean-eaglais i nGranon.

na Montes de Orca, na sléibhte deireanacha roimh chathair Burgos agus tar éis uair go leith a chloig ag siúl trí limistéirí tionsclaíochta agus tithíochta, shroicheadar lár-chathrach Burgos agus an t-ionad lóistín, Alberg, taobh thiar den ardeaglais. Fuaireamar aifreann agus beannacht na n-oilithreach san ardeaglais. Bhí an aimsir go deas grianmhar nuair a dhreapamar suas don Parc del Castillo agus Caisleán Burgos, a scrios Napoleon i 1813. Dob é Burgos áit chónaithe El Cid san aonú aois déag. Tá a chorp curtha san ardeaglais agus feictear dealbh iontach in omós dó ar an Puente de San Pueblo i gceartlár

na cathrach.⁴ An lá ina dhiaidh, thógamar traein ar ais go Irun/Biarritz agus eitleán go Corcaigh.

Rannóg 4: Burgos go Santiago de Compostella/Cabo Finisterre

Ar 18 Bealtaine 2010, thosnaíomar amach ó Burgos ar an turas go Santiago/Finisterre. Ó Burgos go Santiago de Compostella, téann an Camino trí Chúigí Burgos, Valencia, Leon, Lugo agus La Coruna. Go luath i ndiaidh Burgos, thosnaíomar ag trasnú an Mesata – ard-mhachaire Castille – talamh ard, cothromach le feirmeacha ollmhóra ag 800-900 méadar in airde. Na mílte acra arbhair ag fás go himeall na spéire. Ní raibh tithe feirme, sciobóil, innealra, ainmhithe nó fiú daoine le feiscint. Ghabhamar trí bailte beaga tuaithe ar nós Villabilla, Tardajos, Rabe de la Calzadas, srl., bailte beaga ar aon mhéid le Ros Ó gCairbre, áiteanna nach raibh siopa, tábhairne, scoil, fiú seirbhís bus astu, na tithe go léir folamh, tréigthe. Chonaiceamar é seo go rialta ag trasnú dúichí na bhfeirmeacha ollmhóra oscailte i ndeisceart na Fraince agus i lár na Spáinne. De réir cosúlachta, tagann na conraitheoirí talamháíochta san earrach agus sa bhfómhar chun an t-ARBHAR a chur agus a bhaint, do chomhlachtaí móra idirnáisiúnta, cuid acu ón tSín, atá anois in úinéireacht na bhfeirmeacha móra seo. Bhí sé soiléir dúinn go raibh saol na tuaithe mar a bhíodh, marbh sna réigiúin seo! Tréith shuimiúil sna dúichí seo, ná na scéimeanna uisciú ag trasnú na n-áiteanna, ó aibhneacha, locha, canálacha i bhfad uathu, scéimeanna a théann siar go haimsir Franco, de réir dealraimh.

I mbaile beag Hornlillos del Camino, chodlaíomar ar úrlár halla spóirt, de bharr easpa lóistín eile san mbaile. I gCarrion de Los Condes, d’fhanamar i gclochar, fós in úinéireacht an oird Santa Clara, na mná rialta deisithe suas fós in éadaí traidisiúnta. I mbaile beag Moratinos bhuaileamar le beirt Éireannach, le clann óg acu, a bhí ag iarraidh teach lóistín – *albergue* – a thógaint d’oilithrigh. Bhí bord leagtha amach acu le bia ar bhonn deonach. Is cathair álainn í Leon, le cearnóga oscailte agus sráideanna cúnga coracha. Fuaireamar aifreann agus beannacht na n-oilithreach san ardeaglais Gotach álainn ón dtríú aois déag, le samplaí de na fuinneoga gloine daite is fearr san Eoraip. Thógamar sos gairid i gcathair Astorga, le ballaí arda Rómhánacha, áit a gcónaíonn sliocht na Margatos, treibh neamhghnáthach Phoenician nó Berber ón naoú aois!

I ndiaidh ard-aifrinn chanta i Laidin agus beannacht na n-oilithreach in Eaglais San José i Rabanal, baineadh eachtra domhain Camino dom. Tar éis suas le 300 ciliméadar a bheith siúlta agam, gan stop, lá i ndiaidh lae, bhí mo ghlúin dheas chomh tinn agus pianmhar le cúpla lá anuas, go rabhas cinnte nárbh fhéidir liom leanúint leis an gCamino. Ón oíche sin amach ní raibh pian ná fadhb agam leis an nglúin chéanna!

D'fhanamar san Albergue Brasil i mbaile beag Vega, teach lóistín in úinéireacht mhná ón mBrasaíl, a raibh beirt iar-oilithreach ó Mheiriceá agus Ceanada ag cabhrú léi go deonach. Bhualamar le hoilithrigh ón nGearmáin, ón Sualainn, Meiriceá, srl. Is anso, don chéad uair, a bhuaileamar le Jesús Vilas, Spáinneach ó Santiago.

Idir Vega agus Santiago, trasnaíonn an Camino dhá shliabhraon ag 1500 méadar in airde, áiteanna gur féidir droch-aimsir a fháil ag aon am den bhliain. Bhí an mhaidin seo go hálainn, radharcanna iontacha mórthimpeall orainn. Bhuaileamar le Jesús arís ar an slí suas chuig O Cebreiro, baile beag le *pallazos*, na tithe ciorcalacha Ceilteacha traidisiúnta. Chuaigh an scéal faoi Shlí Naoimh Shéamuis thraidisiúnta ó Chloch na gCoillte go Santiago i bhfeidhm go mór ar Jesús. Rinneamar socrú go mbuailfimis le chéile i Santiago i ndiaidh ár dturais go Finisterre.

Anois, i gCúige Galicia, bhí an dúthaigh agus an aimsir an-chosúil le hiardheisceart na hÉireann ach amháin cúpla céim níos teo. Ó Samos ar aghaidh, shiúlamar ar chosáin agus cúlbhóithre trí bhailte agus feirmeacha beaga. Déiríocht a dheintear go mór mhór anseo le harbhar agus prátaí ag fás go fairsing chomh maith. Chonaiceamar na *Rubia Gallega*, pór eallaigh dúchasach Galicia. Is baile nua é Portomarin, a tógadh sna 1960s, nuair a bádh an sean bhaile faoi uisce taiscumair nua. Baineadh anuas Iglesia de San Juan ón dtrúú aois déag, cloch i ndiaidh cloiche, agus ath-tógadh í i lár an bhaile nua.

Lean an cosán trí dhúthaigh álainn La Coruna. Dhreapamar trí fhoraois eoclaípe, lastall den aerphort i Lavacolla agus ag Monte de Gozo, chonaiceamar an leacht mór d'oilithrigh ag féachaint siar ar Santiago de Compostella. Chrochamar an brat Náisiúnta, brat Chorcaí agus brat Chloch na gCoillte ar ár málaí droime agus leanamar ar aghaidh. Ar imeall na cathrach, bhuaileamar le bean ón nGaillimh, a bhí ag déanamh an Camino i gcuimhne a tuismitheoirí, a fuair bás tamall gairid roimhe sin.

Leanamar na comharthaí bóithre Camino faoi Porte del Camino isteach don sean-chathair go dtí Plaza de Obradoiro agus Ardeaglais Naomh Shéamuis i gceartlár chathair Santiago de Compostella (Fig. 5). Fuaireamar ard-aifreann na n-oilithreach traidisiúnta ag meán lae san ardeaglais a bhí lán go doras agus ár dTeastais Camino in Oifig na nOilithreach. Níos déanaí, ag uaimh Naomh Shéamuis, faoin áltóir san ardeaglais, d'fhágas mo chlocha achainí pearsanta ó Árd Uí bhFicheallaigh, le cúpla paidir don Naomh.



Fig. 5: Mé féin (ar chlé) agus Fionbarra Ó Cróinín taobh amuigh d'Ardeaglais Naomh Shéamuis i gceartlár chathair Santiago de Compostella i 2010.

An mhaidin ina dhiaidh, d'fhágamar Santiago go luath ar an slí go Finisterre. Thrasnaíomar sean-dhroichead chloiche, an Ponte Sarela, agus bhíomar amuigh faoin tuath arís. Ar feadh ceithre lá, leanamar an Camino trí dhúthaigh La Coruna, i gCúige Galicia. Shuigh lag-bhrú córas aimsire ar iar-thuaisceart na Spáinne ar feadh an ceithre lá sin agus thit báisteach throm, le gaotha láidre agus an léargas síos chomh híseal le 30 méadar mórthimpeall orainn. Bhíomar fliuch báite i rith an lae agus ní ba mheasa fós, bhí orainn ár n-éadaí agus bróga siúlóide fliucha a chur orainn gach maidin. Ní raibh an deis againn iad a thriomú i gceart, san oíche.

D'fhanamar i mbailte Negreira agus Cée ar an slí. Feirmeoireacht mheascaithe a bhí ar siúl mórthimpeall orainn don chuid is mó, déiríocht agus an-chuid gráin bhuí curtha. I dteach lóistín – *pension* – in Olveiora, bhuaileamar le hoilithrigh eile ó Shasana, ón nGearmáin agus ó Cheanada. Bhlaiseamar *orujo casero* (uisce beatha traidisiúnta áitiúil Galicia), an-chosúil lenár bpoitín féin, a bhí ar fáil go neamhoifigiúil faoi chuntar an tábhairne! Deintear é ó na fionchaora, a bhíonn fágtha i ndiaidh an déantús fíona.




Fig. 6: Luí na gréine ag Cabo Finisterre.

Shroicheadar Finisterre thart ar meán-lae agus fuairéamar lóistín i *hostal* i lár an bhaile. Is port iascaireachta í Finisterre, an cuan lán de bháid agus iascairí ar na céanna. Shiúlamar trí shráideanna an phoirt agus cuireadh stampa ar ár bpas-leabhair san *concello* (halla an bhaile). I ndiaidh aifrinn san Capilla del Buen Suceso i sean-cheantar an bhaile, shiúlamar an 3 ciliméadar deireanach amach go Cabo Finisterre, chun luí na gréine a fheiscint. Bhí an t-ádh linn gur tháinig feabhas ar an aimsir i rith an tráthnóna.

Tá sé ráite go dtéann an Camino go Finisterre siar níos mó ná míle bliain roimh an Camino go Santiago. Do thaistil lucht na gCeilteach agus muintir an tsean-saoil eile go teampail Ara Solis ar rinn Cabo Finisterre ag adhradh na gréine. Cheap na Rómhánaigh gurbh é *Finis Terrae* an rinn ag bun an domhain agus d'fhéachaidis go heaglach ar luí na gréine ann, ag súil go n-éireodh sí arís an mhaidin ina dhiaidh! Shuíomar ar charraig ar an rinn, leis na céadta oilithreach eile agus chonaiceamar an lúí na gréine álainn seo (Fig. 6). Ar a 8.23 i.n., d'imigh an ghrian faoi imeall an aigéin, i bhfad siar uainn! Dob' iontach an 'neomat Camino' é, a bheith i ndán an eachtra seo a roinnt leis na mílte oilithreach eile, a théann siar na mílte bliain.

Fuairéamar stampa ar ár bpas-leabhair oilithrigh ag an Faro Finisterre (teach solais) agus thógamar grianghraifeanna lenár mbratacha éagsúla agus ár sliogáin muirín. D'fhágas cloch ó Thobar Naoimh Shéamuis in Árd Uí bhFicheallaigh ar an rinn agus bhailíos cloch ó Cabo Finisterre le tabhairt abhaile liom. I ndiaidh deoch chomhghairdis i dtabhairne beag, bhogamar bóthar ar ais go mbaile Finisterre.

An mhaidin ina dhiaidh, thógamar bus ar ais go Santiago de Compostella. Bhuaileamar le Jesús Vilas, mar a bhí beartaithe. Thug sé turas iontach stairiúil dúinn trí cheartlár na sean-chathrach. Fuairéamar aifreann san ardeaglais. Gheall Jesús go dtiocfadh sé go Cloch na gCoillte go luath ar cuairt chugainn.

An mhaidin ina dhiaidh, ar ár slí don aerphort, tháingamar trasna oilithrigh an lae seo, ar a slí go dtí an ardeaglais agus aifreann na noilithreach ag meán lae. Lá eile, díreach cosúil le gach ceann eile, i saol an Camino de Santiago, a théann siar míle bliain!

Iathar Chorcaí: Leanúnachas

Tá tuilleadh taighde ag teastáil faoi thraidisiún spioradálta agus stairiúil na

hoilithreachta seo, idir Árd Uí bhFicheallaigh agus Santiago de Compostella. Tugadh céim thábhachtach ina threo san i 2010, nuair a ceannaíodh dealbh áitiúil de Naomh Shéamuis i Santiago de Compostella, le cabhair ó Jesús Vilas, atá anois suite i bfochla speisialta, a tógadh taobh le Tobar Naoimh Shéamuis in Árd Uí bhFicheallaigh agus a beannaíodh go hoifigiúil ag an Aifreann bliainiúil, faoin aer, I mí Iúil, 2011. I rith mí na Samhna, na bliana sin, chaith Jesús Vilas tréimhse i gCloch na gCoillte agus thug sé cuairt ar Thobar Naoimh Shéamuis in Árd Uí bhFicheallaigh – áit a bhfaca sé an dealbh (Fig. 7).



Fig. 7: Jesús Vilas ag an bfochla le dealbh Naoimh Shéamuis ag Tobar Naoimh Shéamuis in Árd Uí bhFicheallaigh.

Achomair

Bhraith mé an-chuid eispéiris dhearfacha, thaitneamhacha agus thairbheacha ar an oilithreacht. Na cinn a sheasann amach ná:

- An imeacht ó Thobar Naoimh Shéamuis ag tús na hoilithreachta
- Eachtraí na nDea-Shamárach (*Good Samaritans*) i Moissac agus Roncavelles
- An t-ionad lóistín deonach san eaglais i Granon
- Na daoine iontacha ó gach cúinne den domhan ar bhuaileas leo
- Na searmanais Chríostaíochta agus leigheas mo ghlúine tinne
- Mo chlocha achainí pearsanta a chur ag uaimh Naoimh Shéamuis i Santiago; táim eolach faoi dhá fhíor-eachtra ar a laghad, gur freagraíodh na paidreacha a bhí bainteach leis na clocha!
- An cairdeas a d'eirigh idir Jesús Vilas agus mé féin
- Dealbh Naoimh Shéamuis anois san bfochla in Árd Uí bhFicheallaigh
- Neomat iontach lúí na gréine ag Cabo Finisterre.

(Nótaí)

- 1 Ó béaloideas Michael Collins, Castlefreke.
- 2 Ó béaloideas Michael Collins, Castlefreke.
- 3 Facaros, D. agus Pauls, M. 2003. *Northern Spain*. Londain, leath. 109.
- 4 Barton, S. agus Fletcher, R. 2000. *The World of El Cid: Chronicles of the Spanish Reconquest*. Manchester.